# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 12:** *Traveller Pride*



Norah Brigid Ni Chuill (1924/25 - 1993), *Game of Cards*, 1959

## Eolas maidir leis an saothar ealaíne

Is é 'Game of Cards' teideal an tsaothair seo a cruthaíodh sa bhliain 1959. Le feiceáil sa phéintéireacht seo tá teaghlach mór a bhfuil a vaigín nó 'vardo' páirceáilte acu; tá a chapall ag ithe féir sa chúlra. Tá an teaghlach ar fad ag imirt cluiche cártaí amuigh faoin aer agus tá an mháthair agus an babaí is óige ag faire ar gach rud. Is mian le Pictiúir faoi Chaibidil aird a tharraingt ar Fhéile Mhórtais Lucht Siúil Chorcaí, féile a dhéanann ceiliúradh ar chultúr agus ar thraidisiúin phobal an Lucht Siúil.

## Dírigh ar na Difríochtaí

Dírigh ar na Difríochtaí! Tá ocht ndifríocht idir an pictiúr thuas agus an íomhá bhunaidh thíos. Caith súil ghéar orthu...An féidir leat na difríochtaí ar fad a fheiceáil? Beidh na freagraí le fáil in 'Pictiúir faoi Chaibidil' na seachtaine seo chugainn'!





## Samhlaigh

Samhlaigh go bhfuil cónaí ort i vaigín atá á tharraingt ag capall agus go bhfuil tú ag taisteal ó áit go háit...

- Cá mbeadh tú ag dul?
- Cá stopfá don oíche?
- Cá bhfaighfeá bia?
- Conas a mbeadh bia á chócaráil agat?
- An mbeadh tú ag taisteal go tapa nó go mall?
- Cén cineál ainmhithe nó éan a d'fheicfeá fad is a bheifeá ag taisteal?
- Cé a bheadh ag taisteal in éineacht leat?
- Ní bheadh teilifís ná aon chineál scáileáin agat. Céard a dhéanfá chun píosa spraoi a bheith agat faoin tuath?

## Campa a Dhéanamh


Cén fáth nach ndéanann tú campa i do theach nó gairdín! D'fhéadfá blaincéid agus piliúir a úsáid chun dún a chruthú. Úsáid pionnaí éadaigh chun na blaincéid a fháisceadh le chéile agus úsáid bróga chun iad a shocrú san áit cheart. Cruthaigh campa trí úsáid a bhaint as na rudaí atá agat...Idir toilg agus cathaoireacha uillinne mar shampla, nó faoi bhord. Cinntigh go bhfuil sé deas teolaí.

Anois - siamsaíocht sa champa...céard faoi roinnt scéalta?


## Scéalaíocht

Tá scéalta á n-insint le fada an lá ag Lucht Siúil na hÉireann. Is bealach iontach é scéalaíocht chun cabhrú le daoine taitneamh a bhaint as aistear fada nó nuair a bhíonn siad ag campáil.

**Scéal Fillte**




Scríobh an chéad líne den scéal agus ansin fill an píosa páipéir agus tabhair do dhuine éigin eile é ach ná taispeáin ach an líne roimhe sin dó nó di.




Nuair a bhíonn tú réidh, neamhfhill an píosa páipéir agus féach ar an scéal seafóideach atá scríofa agat!

Is féidir leat céad líne de do rogha a úsáid nó seo thíos roinnt samplaí a d'fhéadfá a úsáid...

- Lean an coinín an sionnach timpeall na páirce...
- Ní raibh fonn ar an mbroc cantalach a theach a fhágáil...

I gcultúr traidisiúnta an Lucht Siúil, bhíodh scéalta á n-insint nach mbíodh á scríobh síos, bhí na daoine in ann smaoineamh ar na scéalta agus iad a roinnt lena bpáistí agus lena ngarpháistí. An féidir leat scéal a insint gan é a léamh? Tabhair deis do gach duine sa chiorcal an chéad líne eile den scéal a rá..? Nó tabhair deis do gach duine focal amháin a rá? Seans go n-éireoidh an scéal an-seafóideach!

Is féidir leat céad líne de do rogha a úsáid nó seo thíos roinnt samplaí a d'fhéadfá a úsáid...

- Teastaíonn crúite capaill nua ón gcapall...
- D'eitil an faoileán chomh fada leis an Afraic...
- Bhí eagla roimh uisce ar an iasc...


## Seo linn ag súgradh: Cluichí cárta

Tá cluiche cártaí á imirt ag na daoine sa phéintéireacht seo. Tá paca cártaí ag beagnach gach duine sa bhaile agus is féidir linn ar fad cártaí a imirt! Mura bhfuil paca cártaí agat sa bhaile is féidir leat roinnt cártaí a dhéanamh as páipéar. Iarr ar dhuine fásta cabhrú leat roinnt cluichí a imirt, cosúil le 'Go Fish', 'Pairs' agus 'Snap', ach anois táimid chun cártaí a úsáid chun a bheith ag spraoi le chéile!

## Cártaí a Imirt

Is bealach spraíúil, cruthaitheach é seo chun tamall a chaitheamh i mbun aclaíochta le do chairde nó teaghlach trí phaca cártaí a úsáid. Tabhair deis do gach duine cárta a roghnú ón bpaca cártaí agus dírigh ar an aclaíocht a roghnaítear. Is ionann an uimhir ar an gcárta agus an méid uaireanta ba cheart duit an aclaíocht a dhéanamh- J=11, Q=12, K=13, A=14. Má roghnaíonn tú an cleasaí caithfidh tú 10 mburpaí a dhéanamh!

Cinntigh go ligeann tú do scíth anois is arís agus b'fhéidir gur mhaith leat cineálacha éagsúla aclaíochta a dhéanamh freisin! Bain taitneamh as!.




---

Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil a fheiceáil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife** a úsáid.

Ba í Hazel Hurley a dhear Pictiúir faoi Chaibidil Seachtain 12. Tá a saothar le feiceáil ag [hazelhurley.com](hazelhurley.com)